Coimisiún na Scrúdaithe Stáit
Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

Fón: +353-90-644 2741 Greasán: www.examinations.ie. R-phost: info@examinations.ie

S19/16

FÓGRA D'ÚDARÁIS SCOILE

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2016

Staidéar Foirgníochta - Scrúdú Praiticiúil

Tugann na ***Treoracha d'Iarrthóirí*** comhiata léiriú do na hiarrthóirí uile ar an gcur chuige atá le leanacht le linn an Scrúdaithe Praiticiúil don Staidéar Foirgníochta sa Scrúdú Ardteistiméireachta 2016.

Is tástáil ceithre uair an chloig atá sa scrúdú thuasluaite a dhéanfar in aon seisiún amháin, ar aon lá amháin a roghnóidh an scoil, idir 3 Bealtaine agus 13 Bealtaine 2016.

Tá cead ag na hÚdaráis scoile am tosaithe an scrúdaithe a athrú ar mhaithe le riachtanais na scoile. Ní mór don scrúdú leanúint ar feadh aon seisiún amháin de cheithre uair an chloig, áfach.

Níl cead ag iarrthóir ar bith an scrúdpháipéar a thógáil as Ionad an Scrúdaithe ag am ar bith. Ní mór don Fheitheoir na scrúdpháipéir go léir a bhailiú ag deireadh gach Scrúdaithe agus iad a thabhairt ar ais d'Údaráis na scoile.

Ní mór na scrúdpháipéir a choinneáil go slán sábháilte go dtí 8 Meitheamh 2016. Na scrúdpháipéir a bhailítear ag deireadh an Scrúdaithe gach lae, ní mór iad a choinneáil ar leith ó scrúdpháipéir nár dáileadh.

Iniata, tá liosta den ábhair atá ag teastáil don Scrúdú Praiticiúil 2016.

Iniata chomh maith, tá póstaer de na ***Treoracha d'Iarrthóirí 2016*** le cur ar taispeáint sa seomra ranga.
Ionas gur féidir cothromaíocht i measc na n-iarrthóirí a chinntiú, ní mór do na hiarrthóirí uile na treoracha a chomhlíonadh, mar a léirítear sa phóstaer a ghabhann leis seo.

Déanfaidh pearsanra ó Choimisiún na Scrúdaithe Stáit monatóireacht ar an Scrúdú Praiticiúil sa Staidéar Foirgníochta i Scrúdú na hArdteistiméireachta.

Is mór ag Coimisiún na Scrúdaithe Stáit cabhair na nÚdarás Scoile agus mhúinteoirí an Staidéir Fhoirgníochta i gcoinneáil slán an phróiseas measúnaithe.

Iarrtar oraibh, le bhur dtoil, a dheimhniú go gcuirfear an fógra seo, an liosta gearrtha agus na ***Treoracha d'Iarrthóirí*** comhiata ar a súile do mhúinteoirí an Staidéir Fhoirgníochta.

Clodagh Carroll
Ard Oifigeach Feidhmiúcháin
Márta 2016